

FÓGRA FAISNÉISE DO STÁTSEIRBHÍSIGH

BRONNTANAIS DO STÁTSEIRBHÍSIGH

Níor cheart do státseirbhísigh glacadh le sochair de chineál ar bith ó thríú páirtí ná iad a fháil más sochair iad a bhféadfaí a mheas go réasúnach go gcuireann siad a mbreithiúnas pearsanta nó a n-ionracas pearsanta i gcontúirt. Ba cheart na gníomhartha de chuid státseirbhíseach a bheith os cionn amhrais agus níor cheart iad a bheith mar chúis le haon choinbhleacht leasa iarbhrí nó fhéideartha. Chomh maith leis sin, ba cheart an dóigh a ndéileálann státseirbhísigh le leasanna tráchtála agus leasanna eile a bheith in ann an t-iniúchadh is grinne is féidir a sheasamh.

Is é aidhm an fhógra faisnéise seo faisnéis ghinearálta a thabhairt faoi na hoibleagáidí atá ort faoi *Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse* (an Cód) i leith tairiscintí bronntanas agus/nó fáilteachais. Ba cheart é a léamh i gcomhar le fógraí faisnéise ábhartha eile.

Cad is bronntanas ann?

Sa Chód, folaíonn an téarma “**bronntanas**” *aon sochar a thugtar do státseirbhíseach saor in aisce nó faoina phraghas tráchtála.*

Ní mór an fháil bronntanas ag státseirbhísigh ó na daoine sin a ndéileálann siad go hoifigiúil leo a bheith á rialú ag na caighdeáin is airde. Ní mór do státseirbhísigh cloí leis na treoracha sin nó na rialacha áitiúla arna ndíorthú uathu.

Cad is fáilteachas ann?

D’fhéadfadh go n-áireofaí le fáilteachas béilí simplí nó sólaistí a thairgtear as freastal ar chruinniú, ar fháiltiú nó ar ócáid ghnó eile. Féadfaidh státseirbhísigh, i gcúinsí áirithe, glacadh le tairiscintí beaga fáilteachais a mheasfaí a bheith ina gcúirtéis i gcaidreamh gnó.

Ina dteagmháil le heagraíochtaí nó daoine seachtracha, áfach, ní mór do státseirbhísigh a chinntiú nach n-imreofar tionchar orthu as glacadh le fáilteachas agus nach bhféadfaí a mheas go réasúnta go n-imríonn sé tionchar orthu agus iad ag comhall a bhfeidhmeanna oifigiúla.

Is é atá sa treoir mhionsonraithe seo a leanas ná creat ar faoina chuimsiú is féidir cinntí sa réimse seo a dhéanamh nó rialacha áitiúla a cheapadh:

- Maidir le tairiscintí bronntanas nó fáilteachais ó leasanna tráchtála a bhfuil caidreamh conarthach acu, nó a bhféadfadh go mbeadh caidreamh conarthach acu, le Roinn/Oifig an státseirbhíseach a bhfuil an tairiscint á tabhairt dó/di, ní mór don státseirbhíseach sin tuairisc a thabhairt dá bhainisteoir/bainisteoir ar an tairiscint sin le haghaidh treoir a fháil.
- Ní dhéanfaí aon agóid de ghnáth in aghaidh glacadh le nithe a mheastar a bheith ina ngnáthfháilteachas, mar shampla fáiltiú gnó nó glacadh le cupán caife le linn cruinniú le soláthraí. Beidh na nithe a mheastar a bheith ina “ngnáthfháilteachas” chun na críche sin ag brath ar roinnt tosca. Áirítear leo sin:

- luach an fháilteachais atá á tairiscint,
- minicíocht na dtairiscintí,
- an bhfuil próiseas soláthair ar siúl nó nach bhfuil,
- an bhfuil méid cómhálartachta ann nó nach bhfuil agus na cúinsí ginearálta a bhfuil an tairiscint á tabhairt iontu,
- cé acu is amhlaidh go bhfuil an tairiscint á tabhairt ag cuideachta dá custaiméirí go léir nó go bhfuil sí á tabhairt do chustaiméirí sonracha nó féideartha.

Níor cheart cineálacha áirithe fáilteachais (mar shampla taisteal thar lear, béilí costasacha nó deirí seachtaine saoire) a mheas a bheith ina ngnáthfháilteachas agus ba cheart tuairisc a thabhairt orthu d'oifigeach uachtarach an státseirbhísigh le haghaidh treoir a fháil. Moltar do Chinn Roinne/Oifige treoirlínte a eisiúint chuig a mbaill foirne féin maidir leis na tairiscintí fáilteachais a thugtar go coitianta do bhaill foirne sa Roinn/san Oifig. Sa chuid is mó de chásanna, ba cheart diúltú do thairiscintí den sórt sin.

Níor cheart do státseirbhísigh glacadh le tairiscintí bronntanas nó fáilteachais a théann níos faide ná na gnáthchleachtais dá dtagraítear thuas, seachas i gcás go mbeifear in ann a thaispeáint go soiléir gur leas na Roinne/na hOifige atá an tairiscint agus gur cheadaigh bainisteoir de chuid bhainisteoir an státseirbhísigh í.

Ba cheart don bhainisteoir aird a thabhairt ar an gCód agus ar an bhfógra seo agus iad ag breithniú aon tairisceana a dtugann fostaí leis/léi tuairisc uirthi dó/di.

Cé na cineálacha aíochta nó fáilteachais a bhféadfar glacadh leo?

Faoi réir aon rialacha a fhéadfaidh an tArd-Rúnaí nó an Ceann Oifige a chinneadh, féadfaidh oifigeach glacadh le bronntanais dar luach beag (e.g. dialanna, pinn, etc.) agus iad a choinneáil. Ba cheart diúltú do bhronntanas dar luach níos airde nó, i gcás go ndéanfaí maslú dá ndiúltófaí don bhronntanas, ba cheart é a thabhairt ar aghaidh do Roinn/d'Oifig an státseirbhísigh.

Cé na cineálacha bronntanais nó fáilteachais nach bhféadfar glacadh leo?

Maidir le bronntanas, seachas bronntanas dar **luach beag**, a thugtar do státseirbhíseach de bhua an chaidrimh oifigiúil atá aige/aici leis an síntiúsóir nó de bhua dhéileáil tráchtála a Roinne leis an síntiúsóir, ní mór iad a mheas a bheith ina maoin de chuid na Roinne/na hOifige lena mbaineann. Mar sin féin, féadfaidh státseirbhísigh aonair na sochair a ghnóthaítear faoi scéimeanna eitleora mhinic a choinneáil chun aitheantas a thabhairt don fhíric go dtéann taisteal oifigiúil i bhfeidhm ar an saol pearsanta agus ar shaol an teaghlaigh.

Ba cheart cúram ar leith a dhéanamh i dtaca le bronntanais ó shíntiúsóirí a bhfuil sochar pearsanta nó tráchtála le baint acu as a gcuid leis an Roinn/an Oifig lena mbaineann.

- Ní fhéadfar glacadh le hairgead tirim, seiceanna bronntanais ná aon dearbháin is féidir a mhalartú ar airgead tirim, beag beann ar an tsuim atá i gceist.
- Ní fhéadfaidh státseirbhísigh bronntanais a iarraidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach.

- Ní fhéadfaidh státseirbhísigh iarraidh ar aon ghnóthas a mbíonn teagmháil acu leis le linn dóibh a ndualgais oifigiúla a chomhall urraíocht nó tacaíocht a thabhairt do chlub, eagraíocht charthanúil, cumann nó cheardchumann ar bith nó d’eagraíocht ar bith eile.
- Níor cheart do státseirbhísigh glacadh le saoráidí speisialta nó le lascaíní ar cheannacháin phríobháideacha ó sholáthraithe a mbíonn déileáil oifigiúil acu leo.

Ba cheart do státseirbhísigh bheith ar an eolas faoi fhorálacha an *Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018* (an tAcht). Ní chuirtear aon teorainn luacha le cad is bronntanas, comaoin nó buntáiste ann leis an Acht. Leagtar amach in alt 5 den Acht cionta éillithe ghníomhaigh agus neamhghníomhaigh. Leagtar amach in alt 6 den Acht an cion um thrádáil neamhghníomhach agus ghníomhach i dtionchar. Tá na hailt sin ceangailte le halt 14 den Acht, ina bhforáiltear go ndéanfar talamh slán de gur go héillitheach a tugadh agus a fuarthas aon bhronntanas a thug duine, nó a tugadh thar ceann duine, d’oifigeach i gcás go bhfuil leas ag an duine sin i bhfeidhmeanna ábhartha an oifigigh.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Ba cheart do státseirbhísigh cúram ar leith a dhéanamh freisin agus iad ag glacadh le bronntanais ó dhuine éigin a rinne brústocaireacht orthu roimhe seo nó a d’fhéadfadh brústocaireacht a dhéanamh orthu sa todhchaí.

Faoi alt 16 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, d’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin an *Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta*. Tháinig an Cód i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019. Ba cheart do gach sealbhóir oifige ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad chun críocha na reachtaíochta brústocaireachta eolas a chur ar an gCód tar éis an Fógra Faisnéise seo a léamh.

Déileálann Prionsabal 6 den Chód le tionchar míchuí a sheachaint. Rud sonrach, luaitear sa Chód nár “cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint, le linn a g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta, le braistint oibleagáide a chur ar an oifigeach tofa nó ceaptha trí bhronntanais nó fáilteachas a thairiscint don oifigeach”. Foráiltear leis an gCód freisin gur “cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith ar an eolas faoi aon riail nó aon chód iompair a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh phoiblí thofa nó ceaptha a bheith ag glacadh le bronntanais nó le fáilteachas”.

An dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait?

Mura bhfuil tuiscint shoiléir agat faoi do chuid oibleagáidí maidir le bronntanais nó maidir le haon ní eile, molann an Coimisiún duit comhairle a lorg.

Déan teagmháil linn ar na bealaí seo a leanas:

6 Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 D02 W773

Teileafón: (01) 639-5666

Ríomhphost: info@sipo.ie

Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie

Twitter: @SIPOCIreland